



COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA HÉIREANN



TUARASCÁIL BHLIANTÚIL
2008



COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA HÉIREANN

45 Cearnóg Mhuirfean

Baile Átha Cliath 2

www.irishmanuscripts.ie

CLÁR ÁBHAIR



TUARASCÁIL AN CHATHAOIRLIGH	2	TUARASCÁIL NA N-INIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA	14
Réamhrá	3	Freagrachtaí na stiúrthóirí agus na n-iniúcháirí faoi seach	15
Bord	3	Bunús na tuairime	15
Coiste Eagarthóireachta agus Foilseachán	4	Tuairim	16
Fochoistí	4		
<i>Coiste Athbhreithnithe Straitéiseach</i>	4	CUNTAIS INIÚCHTA	17
<i>Coiste um chomóradh 80 bliain</i>	5	Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	18
Foilseacháin	5	Clár Comhardaithe	19
<i>Calendar of the Rosse Papers</i>	6	Ráiteas Sreabhadh Airgid	20
<i>Proceedings of the Irish House of Lords, 1771–1800 (3 imleabhar)</i>	6		
<i>The Council Book for the Province of Munster, c. 1599–1649</i>	6	NÓTAÍ ATÁ INA GCUID DE NA RÁITIS AIRGEADAIS	21
<i>Papers of the Dublin Philosophical Society, 1683–1709 (2 imleabhar)</i>	6	1. Beartais Chuntasaíochta	21
Lainseálacha	7	1.1. Bonn ullmhúcháin	21
An Fhoireann	7	1.2. Ioncam	21
Seirbhísí	7	1.3. Sócmhainní seasta inláimhsithe agus dímhéas	21
Airgeadas	8	1.4. Stoc	21
		1.5. Pinsin	21
EOLAS MAIDIR LEIS AN GCUIDEACHTA	9	1.6. Cánachas	21
Stiúrthóirí	10	2. Ioncam	22
Rúnaí	10	3. Deontas ón Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta	22
Uimhir Chláraithe na Cuideachta	10	4. Barrachas na bliana	22
Uimhir Carthanais Chláraithe	10	5. Fostaithe	22
Oifig Chláraithe & Seoladh Gnó	10	6. Costais phinsin	22
Iniúcháirí	10	7. Sócmhainní inláimhsithe	22
Baincéirí	10	8. Stoic	23
		9. Féichiúnaithe: suimeanna a bheidh dlite taobh istigh de bhliain amháin	23
TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ	11	10. Creidiúnaithe: suimeanna a bheidh dlite taobh istigh de bhliain amháin	23
Príomhghníomhaíocht	12	11. Réiteach gluaiseachtaí i gcistí	23
Torthaí	12	12. Idirbhearta páirtithe gaolmhara	24
Staid Chúrsaí	12	13. Máthairghnóthas deiridh	24
Stiúrthóirí agus a Leasanna	12	14. Ráitis airgeadais a cheadú	24
Freagrachtaí na Stiúrthóirí	12		
Leabhair Chuntas	13		
Iniúcháirí	13		

Tuarascáil an Chathaoirligh



The Irish Manuscripts Commission
Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann

invitation



Réamhrá

Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann (CLÉ), a bunaíodh sa bhliain 1928, corpraíodh é mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta an 24 Eanáir 2006.

Cé go bhfuil an Coimisiún imithe ó neart go neart ó corpraíodh é — agus gur bhliain an-ghnóthach ab ea 2008 dó (mar a léirítear sa chuid ‘Nuacht’ den suíomh Gréasáin aige) — cuireadh anbhuaín ar chomhaltaí an Choimisiúin nuair a fógraíodh sa bhuiséad i Mí Dheireadh Fómhair 2008 go ndéanfaí an Coimisiún, i dteannta na Cartlainne Náisiúnta, a chumascadh leis an Leabharlann Náisiúnta. Tá sé tábhachtach a mheabhú go nglacann an Coimisiún go gcaithfidh an lá a bheith ag toil an Rialtais agus go bhfuil sé de dhualgas ar an gCoimisiún iarracht a dhéanamh chun páirt dhearfach a ghlacadh i ndíospóireachtaí na Roinne agus iarracht á déanamh aici struchtúir nua rialachais a chur i bhfeidhm do CLÉ, CNÉ agus LNÉ. Agus é seo á dhéanamh ag an gCoimisiún, déanfaidh sé iarracht a chinntiú go gcaomhnófar a shainchúram mar fhoilsitheoir agus mar chomhairleoir, chomh maith lena ionannas agus leis an saoirse atá aige a ghnó féin a bhainistiú agus a stiúradh, faoi réir na ngnáthcheanglas tuairiscithe arna n-éileamh ag nósanna imeachta dea-rialachais.

Bord

I dtús na bliana, bhí 21 chomhalta/stiúrthóir de Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann a tarraingíodh ón bpobal acadúil agus ó institiúidí cultúrtha ar fud na hÉireann. I rith na bliana 2008, chaill an Coimisiún an chabhair a bhí á soláthar dó ag cúigeir dá chomhaltaí luachmhara:

- (a) i Mí Feabhra, d'éirigh **Gerard Slater** as a phost mar stiúrthóir ar Oifig Taifead Poiblí Thuaisceart Éireann (OTPTÉ) agus, ar an ábhar sin, d'éirigh sé as bheith ina chomhalta de bhord CLÉ. Cara dílis le CLÉ ab ea Dr Slater agus b'é a sholátharaigh gach áis chun rochtana agus chun fhoilsithe *World War I and the question of Ulster, the correspondence of Lilian and Wilfrid Spender* curtha in eagar ag Margaret Baguley, a fhoilseofar san Earrach 2009. Ag dul ar scor dó, dúirt sé go raibh an Coimisiún ar cheann de na gealltanais ab fhearr leis lasmuigh de OTPTÉ agus go n-aireodh sé uaidh a chuairteanna ar CLÉ. Chuir comhaltaí an bhoird na meonta céanna air agus ghuigh siad gach rath air agus é ar scor;
- (b) an 18 Márta, ba chúis mhór bhróin do chomhaltaí CLÉ a fhoghlaim go raibh ár gcomhghleacaí **Mairead Dunlevy** tar éis bás a fháil. Bhí an t-Uasal Dunlevy ina hiarchoimeádaí ar rannán ealaíne agus tionsclaíoch Ard-Mhúsaem na hÉireann. Cuireadh go mór le clú an Choimisiúin nuair a ceapadh chuige í;
- (c) an 13 Meán Fómhair 2008, tháinig deireadh le téarmaí oifige de thriúr chomhalta an Choimisiúin leis an tréimhse ama is faide ar seirbhís acu. Ceaptha le chéile sa bhliain 1993, chuir **Mary Daly**, **Anngret Simms** agus **Mary O'Dowd** go han-mhór le hobair an Choimisiúin. Shuigh Mary Daly ar Chomhairle Chartlann Náisiúnta na hÉireann agus bhí sí ina béal múinte agus ina comhairleoir ar roinnt thionscadal CLÉ, lena n-áirítear *Sir Roger Casement's 'Heart of darkness': the 1911 documents*, de chuid Angus Mitchell. Mar a tharla, chuir Anngret Simms go spreagúil le hathbhreithniú neamhspleách ar CLÉ ag CHL Consulting sna blianta 2003-4, nuair a d'óstáil sí athbhreithneoirí ina teach féin chun foilseacháin go léir an Choimisiúin a chur ar taispeáint. Bhí Mary O'Dowd ina béal múinte/eagarthóir tionscadail ar roinnt de na hoibreacha ba mhó a d'fhoilsigh an Coimisiún le blianta beaga anuas, lena n-áirítear *The Irish Commission of 1622: an investigation of the Irish administration, 1615–1622, and its consequences, 1623–1624* de chuid Victor Treadwell, *Court of Claims, submissions and evidence, 1663* de chuid Geraldine Tallon, agus *The great*



parchment book of Waterford de chuid Niall Byrne. Aireofar uainn go mór iad go léir.

I ndeireadh na bliana 2008, bhí na 16 chomhalta seo a leanas ar bhord an Choimisiúin: James McGuire (Cathaoirleach); Maurice Bric, Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath; Nicholas Canny, Institiúid de Móra, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh; David Craig, Stiúrthóir, Cartlann Náisiúnta na hÉireann; David Dickson, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath; David Edwards, Ollscoil na hÉireann, Corcaigh; Chris Flynn, An Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta; James Kelly, Coláiste Phádraig, Droim Conrach; Michael Kennedy, Cáipéisí ar Pholasáí Eachtrach na hÉireann, Acadamh Ríoga na hÉireann; Máire Mac Conghail; John McCafferty, Fondúireacht Mhichíl Uí Chléirigh, Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath; Deirdre McMahon, Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach; Aongus Ó hAonghusa, Stiúrthóir, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann; Thomas O'Connor, Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad; Ruán O'Donnell, Ollscoil Luimnigh; Jane Ohlmeyer, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Tá na daoine seo a leanas ina gcomhaltaí oinigh den Choimisiún: Francis J. Byrne, Louis Cullen, Geoffrey Hand agus Brian Trainor.

Tá stiúrthóirí Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus Cartlann Náisiúnta na hÉireann araon ina gcomhaltaí den Choimisiún *de bhri oifige*. Faoi ghnáthchúrsaí, tá príomhfheidhmeannach Oifig Taifead Poiblí Thuaisceart Éireann ina chomhalta de CLÉ freisin, *de bhri oifige*.

Mí na Samhna 2007, chríochnaigh téarma an bhoird de chuid na Comhairle um Chartlann Náisiúnta (CCN) agus cé gur ainmníodh roinnt comhaltaí nua i dtús na bliana 2008, ní raibh cathaoirleach agus bord nua ceaptha faoi dheireadh na bliana 2008. Faoi Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, bíonn beirt chomhalta ar a laghad de CLÉ ar an CCN.

Coiste Eagarthóireachta agus Foilseachán

Tá sé mar fheidhm ag an mbuainchoiste seo athbhreithniú a dhéanamh ar thograí foilseacháin de réir critéar réamhshocraithe, agus tuilleadh gnímh a mholadh mar is cuí don Choimisiún iomlán. Diúltaíonn an Coimisiún do thogra nó glacann sé leis i bprionsabal. Bhí James McGuire (cathaoirleach), Nicholas Canny, David Edwards, James Kelly, Michael Kennedy, Máire Mac Conghail, Mary O'Dowd, Jane Ohlmeyer agus Anngret Simms ina gcomhaltaí den Choiste Eagarthóireachta agus Foilseachán sa bhliain 2008.

Fochoistí

Cuireadh deireadh le hobair an Choiste Athbhreithnithe Straitéisigh sa bhliain 2008 nuair a ghlac an Coimisiún i Mí na Bealtaine le plan forbartha straitéiseach CLÉ do 2008–2011. Cruthaíodh fochoiste nua freisin chun plé le comóradh 80 bliain de bhunú CLÉ.

Coiste Athbhreithnithe Straitéiseach

Glacadh go foirmiúil le *Plean Forbartha Straitéiseach 2008-2011 de Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann* an 12 Bealtaine 2008. Is féidir cóip chlóite a fháil go díreach ó CLÉ nó ónár suíomh Gréasáin ag www.irishmanuscripts.ie.

Go hachomair, aithnítear ceithre thosaíocht straitéiseacha do CLÉ don tréimhse 2008-11 sa Phlean Forbartha Straitéiseach: (a) cuir le clú CLÉ mar fhoilsitheoir de phríomhábhair bhunaidh do startha na hÉireann; (b) a ról mar chomhairleoir saineolaíoch a neartú; (c) eolas a chur chun cinn ar cé chomh tábhachtach is atá sé taifid bhunaidh a chaomhnú; (d) foilseacháin CLÉ a dhigitiú agus eagráin digiteacha a scaradh amach ar ardán oiriúnach náisiúnta. Aithnítear gníomhartha sa Phlean Forbartha Straitéiseach freisin a chumasóidh go gcuirfear na cuspóirí sin



i ngníomh agus leagtar amach príomhtháscairí ann do na gníomhartha seo.

Ba iad comhaltaí an Choiste Athbhreithnithe Straitéisigh: James McGuire (cathaoirleach), Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath; Nicholas Canny, Institiúid de Móra, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh; David Edwards, Ollscoil na hÉireann, Corcaigh; Chris Flynn, An Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta; James Kelly, Coláiste Phádraig, Droim Conrach; Michael Kennedy, Cáipéisí ar Pholasáí Eachtrach na hÉireann, Acadamh Ríoga na hÉireann; Máire Mac Conghail; John McCafferty, Fondúireacht Mhichíl Uí Chléirigh, Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath; Deirdre McMahon, Coláiste Mhuire gan Smál, Ollscoil Luimnigh; Mary O'Dowd, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste; Jane Ohlmeyer, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath; Anngret Simms, Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath; Gerry Slater, Stiúrthóir, Oifig Taifead Poiblí Thuaisceart Éireann.

Coiste um chomóradh 80 bliain



Bunaíodh Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann le barántas ó Uachtarán na hArd-Chomhairle, Liam T. Mac Cosgair, i Mí Dheireadh Fómhair 1928. I Mí an Mhárta 2008, cruthaíodh fochoiste le himeachtaí a leagadh amach agus maoirseacht a dhéanamh orthu, chun comóradh a dhéanamh ar obair CLÉ sna 80 bliain idir an dá linn. I Mí na Bealtaine, chuir an fochoiste togra mionsonraithe faoi bhráid an bhoird le haghaidh imeachtaí, mar iad seo a leanas curtha san áireamh: imleabhar gearr ar stair an Choimisiúin a fhoilsiú—ag díriú ar ról an Choimisiúin i bhforbairt staireolaíochta na hÉireann, lena n-áirítear leabharliosta iomlán foilseachán, beathaisnéisí chomhaltaí CLÉ agus liosta de thaifid CLÉ ar fáil i gCartlann Náisiúnta na hÉireann; léachtaí agus léirithe a thabhairt i gcumainn éagsúla stairiúla náisiúnta agus áitiúla agus sraitheanna seimineár ollscoile; agus meirgí iniompartha taispeántais a cheapadh agus a tháirgeadh chun eolas ar CLÉ agus ar a chuid oibre a chur chun cinn, a thaispeánfaí ag lainseálacha agus ag imeachtaí poiblí eile.


Cé go dtiocfaidh rath ar chuid mhór den obair ag an bhfochoiste seo i dtús na bliana 2009, bhí obair ar an bhfoilseachán beagnach críochnaithe ag deireadh na bliana, agus chuir dhá imeacht rathúla i Mí Mheán Fómhair agus i Mí Dheireadh Fómhair le próifíl phoiblí CLÉ. An 19 Meán Fómhair, ghlac CLÉ páirt san Oíche Cultúir 2008 agus tháinig thart ar 148 nduine chun féachaint ar thaispeántas foilseachán CLÉ—lena n-áirítear roinnt de na chéad facsamhlacha de choidéacsanna móra na hÉireann—agus chun éisteacht le léacht ag Dr Michael Kennedy sa léachtlan agus seomra cruinnithe ar an gcéad urlár ag 45 Cearnóg Mhuirfean. An 12 Deireadh Fómhair, cuireadh Michael Kennedy agus mé féin faoi agallamh ag Patrick Geoghegan & Lindsey Earner-Byrne ar an seó don phobal ‘Talking History’ ar raidió Newstalk 106. Taispeánann an dá imeacht seo go bhfuil suim an-mhór in obair an Choimisiúin, agus bainfear úsáid as seo inár dtosaíocht straitéiseach do 2008–11 chun eolas a chur chun cinn ar cé chomh tábhachtach is atá sé taifid bhunaidh a chaomhnú.

Bhí na daoine seo a leanas ina gcomhaltaí den choiste um chomóradh 80 bliain: David Edwards, Ollscoil na hÉireann, Corcaigh; Michael Kennedy, Cáipéisí ar Pholasáí Eachtrach na hÉireann, Acadamh Ríoga na hÉireann; agus Deirdre McMahon, Coláiste Mhuire gan Smál, Ollscoil Luimnigh.

Foilseacháin

Foilsíodh ceithre mhóreagrán sa bhliain 2008, ó chaileandar mionsonraithe le 400 bliain de chartlanna teaghlaigh i gCaisleán Bhiorra ann go dtí eagrán iontach le páipéir agus litreacha de cheann de na cumainn eolaíochta is luaithe san Eoraip ann - Cumann Fealsúnachta Bhaile Átha Cliath.






Calendar of the Rosse Papers

Foilsithe i Mí Iúil (agus lainseáilte go foirmiúil i Mí Dheireadh Fómhair), léiríonn an caileandar seo an obair a rinne Anthony Malcomson (nuair a bhí an t-am aige) thar 28 mbliana; is taifead é de cheann de na bailiúcháin lámhscríbhinní is tábhachtaí faoi sheilbh phríobháideach in Éirinn. Ag síneadh ó thús na seachtú haoise déag ar aghaidh, nuair a bhunaigh daoine muinteartha fréamhacha sa tír seo ar dtús, go dtí anois féin, tá cuid bhunaidh na cartlainne teaghlaigh comhdhéanta de pháipéir ó dhaoine muinteartha Parsons i ndiaidh a chéile.

Tá na páipéir Rosse lán ach go háirithe d'ábhar ón seachtú aois déag, go speisialta an clampar a bhain le Cogaidh an Dá Rí i ndeireadh na 1680í agus i dtús na 1690í, ar a dtugann an bailiúchán dian-léargas. Cuimsíonn siad freisin páipéir ón tríd Iarla Rosse, go raibh teileascóp frithchaiteach 72 orlach aige, a tógadh go húrnu i gcaitheamh na 1840í, an teileascóp ba mhó sa domhan an tráth sin agus a d'fhan mar sin ar feadh 75 bliana.


Saothar thábhachtach tagartha is ea an caileandar seo do dhuine ar bith le suim acu i stair na hÉireann sa seachtú agus san ochtú aois déag, san eolaíocht sa naoú aois déag agus sa scéal, le forbairt ag teacht air i gcónaí, faoi na teaghlaigh atá fós ann de scothaicme talún na hÉireann sa naoú agus sa fichiú aois déag.



Proceedings of the Irish House of Lords, 1771-1800 (3 imleabhar)

Athchruthaítear don chéad uair sa tsraith úrnua thrí imleabhar seo imeachtaí Theach na dTiarnaí i ndeireadh na 18ú haoise déag. Bunaithe sa chéad chás ar thuairiscí nuachtáin, tugtar le chéile san eagrán seo freisin tuairiscí ar dhíospóireachtaí aonair agus ar óráidí iomráiteacha, chun léargas uathúil a sholáthar ar dhaoine mór le rá, ar bheartais agus ar pholaitíocht na parlaiminte thar tríocha bliain.

De bharr an tsaothair seo, tá sé níos éasca dóibh siúd le suim inti oibriocht Pharlaimint na hÉireann a rochtain, ón uair go raibh Teach na dTiarnaí ina shuí i gcomhthráth le Teach na dTeachtaí, agus go raibh cumhachtaí inchomparáide acu chun tús a chur le billí agus iad a leasú. Léirítear san eagrán seo an príomhról ríthábhachtach a ghlac Teach na dTiarnaí i gcoinne dhúshlán an radacachais sna 1790í. Ón gconspóid a thig as an trádhabac a cuireadh ar onnmhairí ó Éirinn le linn Chogadh Saoirse Mheiriceá, trí na díospóidí beo ar neamhspleáchas reachtaíochta agus athchóiriú parlaiminte, faoiseamh do Chaitlicigh agus Acht an Aontais, tugann an saothar seo tuiscint níos fearr dúinn ar an ról a bhí ag teach uachtarach pharlaimint na hÉireann agus an tábhacht a bhain leis ag pointe ama ríthábhachtach ina chuid staire. Curtha i láthair le réamhrá forleathan, is bunfhoinse phríomhúil í an saothar seo do stair parlaiminte, bhunreachtuil, riaracháin agus shóisialta na hÉireann.



The Council Book for the Province of Munster, c. 1599-1649

Sampla uathúil agus tábhachtach is ea an t-eagrán seo de bhunfhoinse riaracháin áitiúil in Éirinn. Soláthraíonn sé athscríobh iomlán den t-aon chlár amháin, atá ar marthain, ag an gcomhlacht a bhí i mbun rialála i gCúige Mumhan ó 1570 go dtí 1672. Tugann sé léargas uathúil agus fíormhionsonraithe ar an saol a bhí ann sa chéad leath den 17ú aois agus beidh sé fíorluachmhar do scoláirí Éireann sa nua-aois luath, go háirithe na scoláirí a dhéanann sainstaidéar ar an stair dhlíthiúil, riaracháin, reiligiúin agus shóisialta.


Papers of the Dublin Philosophical Society, 1683-1709 (2 imleabhar)

Na hathruithe a tharla san eolaíocht nádúrtha sa 16ú agus sa 17ú haois, bhí siad i measc na n-aathruithe ba dhoimhne i stair an duine. Bhí ról lárnach ag na cumainn eolaíochta go léir an tráth sin na smaointe seo a thabhairt go dtí lucht éisteachta

níos leithne agus ba é Cumann Fealsúnachta Bhaile Átha Cliath an freagra díreach ar 'eolaíocht nua' an trátha sin in Éirinn.

Cuireann an t-eagrán seo, le miontuairiscí, litreacha agus páipéir iomlána an chumainn ann, go mór le stair na hÉireann agus le stair ghinearálta intleachtúil an trátha sin.

I ndeireadh na bliana 2008, bhí an-dul chun cinn déanta maidir le clár foilseacháin an Choimisiúin 2009, lena n-áirítear *The correspondence of James Ussher, 1600–1656* curtha in eagar ag Elizabethanne Boran, *World War I and the question of Ulster, the correspondence of Lilian and Wilfrid Spender* curtha in eagar ag Margaret Baguley, *Calendar of State Papers, Tudor period, 1566–1567* curtha in eagar ag Bernadette Cunningham, *Charlotte Brooke's 'Reliques of Irish Poetry'* curtha in eagar ag Lesa Ní Mhunghaile, *Mapping Ireland c. 1550–1640, an illustrated catalogue of maps of Plantation Ireland* curtha in eagar ag Annaleigh Margey, *Analecta Hibernica 41* curtha in eagar ag James Kelly agus *Annual Reports of the Chief of Staff, 1940–1949* curtha in eagar ag Ceannfort Victor Laing agus Michael Kennedy.



Lainseálacha

Reáchtáladh cúig mhórlainseáil sa bhliain 2008. An Déardaoin, 28 Feabhra, lainseáil Dr David Edwards *The great parchment book of Waterford* de chuid Niall Byrne, i bPort Láirge, i bhfianaise an mhéara Comhairleoir Mary O'Halloran. Bhí Eamonn McEaney, stiúrthóir ar Mhúsaem na gCistí Phort Láirge, ina óstach don fháiltiú i bhFoirgneamh na Gráinsí ar na céanna i gcathair Phort Láirge. An 18 Deireadh Fómhair, lainseáil an Taoiseach, an tUasal Brian Ó Comhain TD, *Calendar of the Rosse papers* de chuid A. P. W. Malcomson. Cuireann an Coimisiún a mheas i gcuntas go raibh an Taoiseach i láthair ag an ócáid seo agus cuireann sé a bhuíochas le hiarla agus le cuntaois Rosse i gcuntas as bheith ina n-óstaigh don lainseáil, a reáchtáladh ag Caisleán Bhiarra. An Céadaoin, 5 Samhain, bhí an tAire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta, an tUasal Máirtín Ó Cuilinn, an-sásta *Proceedings of the Irish House of Lords, 1771–1800* de chuid James Kelly a lainseáil. Tá an Coimisiún buíoch do Bhanc na hÉireann as cead a thabhairt dó an lainseáil a reáchtáil i seansheomra Theach na dTiarnaí. Lainseáil Dr David Edwards *The Council book for the province of Munster, c. 1599–1649* de chuid Margaret Curtis Clayton an Déardaoin, 27 Samhain i Halla na Cathrach, Corcaigh, ag fáiltiú go raibh ard-mhéara Chorcaí, Comhairleoir Brian Bermingham ina óstach dea-mhéineach air. An Aoine, 12 Nollaig, lainseáil an tOllamh Denis Weaire, FRS, MRIA, *Papers of the Dublin Philosophical Society, 1683–1709* de chuid K. T. Hoppen, in Acadamh Ríoga na hÉireann i bhfianaise an iar-Thaoisigh, an tUasal Liam Mac Cosgair, a bhunaigh a athair, L. T. Mac Cosgair, Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann go foirmiúil ochtó bliain níos luaithe, i Mí na Samhna 1928.



An Fhoireann

Tá fostaí buan amháin ag an gCoimisiún, an riarthóir Dr Cathy Hayes, a ceapadh i Mí Iúil 2006. Soláthraíodh cúnamh riaracháin ar bhonn conartha ag Select Appointments CPT don tréimhse ó Mhí Eanáir go dtí Mí an Mheitheamh. Sholáthair Dr Barry Robertson agus Dr Kevin O'Sullivan tacaíocht riaracháin ar bhonn conartha seirbhíse ag tréimhsí éagsúla ó Mhí an Mheithimh go dtí Mí na Nollag.

Seirbhísí

Ó bunaíodh suíomh Gréasáin CLÉ sa bhliain 2004, tá méadú ag teacht ó shin i leith ar an méid teagmhálacha ríomhphoist, teileafóin agus litirphoist á fháil ag CLÉ ó bhaill den phobal i gcoitinne. Is teagmhálacha náisiúnta agus idirnáisiúnta iad seo, a thagann go rialta ón Nua-Shéalainn, ón Astráil, ó na Stáit Aontaithe agus ó Mhór-roinn na hEorpa.

Chomh fada agus is féidir le CLÉ, déantar iarracht cabhrú le daoine le fiosrúcháin agus déantar níos éasca dóibh é ábhar a rochtain a chuimsítear in imleabhair níos luaithe de *Analecta Hibernica* (ceann de na hiarratais is minicí) agus lena fhoilseacháin atá as cló a rochtain. Rochtain dhigiteach ar líne ar ábhar an *Analecta Hibernica* agus ar imleabhair nua de *Calendar of State Papers Ireland* (le cur síos orthu sa Tuarascáil Bhliantúil 2007), cuirfidh sí feabhas ar an tslí a láimhseálfar fiosrúcháin dá samhail, agus tugann sí eolas an bhealaigh ar aghaidh freisin chun saothair foilsithe CLÉ go léir ón mbliain 1930 ar aghaidh a rochtain agus a chaomhnú. Chomh luath agus a bheidh na hacmhainní seo ar fáil tríd a n-óstaigh ar líne ('Ireland Collection' de chuid JSTOR agus 'State Papers Online' de chuid Cengage Learning faoi seach), cuirfear na sonraí iomlána ar fáil ar shuíomh Gréasáin CLÉ.

Tá tús curtha ag CLÉ freisin le hathcheapadh agus forbairt a dhéanamh ar a shuíomh gréasáin féin chun cur leis na seirbhísí á dtáirgeadh againn. De réir forbairtí in earnálacha eile den phobal oidhreachta cultúrtha, tá struchtúr á chur i bhfeidhm againn a chuirfidh feabhas ar rochtain thapa agus éasca ar ár bpríomhsheirbhís—foilseacháin CLÉ a cheannach—ach a chuirfidh luach léi freisin trí chead a thabhairt d'úsáideoirí nascadh go héasca le hacmhainní ábhartha digiteacha d'ardchaighdeán trí thairseacha oidhreachta cultúrtha náisiúnta agus Eorpacha.

Airgeadas

Mar an gcéanna leis na blianta roimhe seo, ba mhaith liom an cistiúchán a fuair CLÉ sa bhliain 2008 ón Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta a thabhairt chun suntais. Mura mbeadh an deontas i gcabhair curtha ar fáil ag an roinn, ní bheadh CLÉ in ann a shainchúram a chomhlíonadh. Tacaíonn an cistiúchán bliantúil seo go bunúsach freisin le clár foilseacháin CLÉ don bhliain díreach ina dhiaidh sin.


Ba mhaith liom comhaltaí Aonad na nInstitiúidí Cultúrtha ag an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta, a chuaigh i dteagmháil le CLÉ ar son na roinne i rith na bliana 2008, a mholadh anseo freisin: Chris Flynn agus Peadar Caffrey. Táimid ag tnúth le bheith ag leanúint ar aghaidh ag obair leis an Roinn, d'fhoillfeidhmeanna CLÉ a neartú mar fhoilsitheoir de bhunfhoinsí staireanna agus cultúr na hÉireann, chomh maith lena staid a fheabhsú mar nasc tábhachtach idir phobal oidhreachta cultúrtha agus phobal taighdeoirí daonnachtaí níos leithne.

Ba mhaith leis an gCathaoirleach a mheas a chur i gcuntas ach go háirithe d'obair agus do thiomantas riarthóir an Choimisiúin, Dr Cathy Hayes, ó ceapadh mar riarthóir í sa bhliain 2006 agus go háirithe sa bhliain 2008 (gur féidir a rá, déanta na fírinne, gur bhliain ghnóthach agus dhúshlánach a bhí ann).

Mar chríoch, ní foláir dom an méid a scríobh mé i dtuarascálacha roimhe seo a athrá: nach bhfaigheann comhaltaí CLÉ aon luach saothair as a gcúnamh fíor-riachtanach, a chuireann ar chumas an Choimisiúin a shainchúram a chomhlíonadh. Cosnaíodh an traidisiún seo de sheirbhís a sholáthar don scoláireacht agus don stát, ó bunaíodh an Coimisiún sa bhliain 1928. Ní fhaigheann ach an cathaoirleach amháin airgead oinigh.


Ar son an Choimisiúin, ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh le Máirtín Ó Cuilinn, T.D. faoina cheapachán mar Aire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta i Mí na Bealtaine 2008 agus gealltanais a thabhairt dó go bhfuil sé leagtha amach ag an gCoimisiún go mbeidh an mhuinín a chuirtear ann tuillte aige.

James McGuire
Cathaoirleach
Mí an Mhárta 2009



Irish Manuscripts Commission
Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann

invitation



*Parsons: Towne House
1668*

**Eolas maidir
leis an
gcuideachta**

Stiúrthóirí

James McGuire (Cathaoirleach)
Maurice Bric
Nicholas Canny
David Craig, Stiúrthóir
David Dickson
David Edwards
Chris Flynn
James Kelly
Michael Kennedy
Máire Mac Conghail
John McCafferty
Deirdre McMahon
Aongus Ó hAonghusa
Thomas O'Connor
Ruán O'Donnell
Jane Ohlmeyer
Mary Daly (scoir Mary i Mí Mheán Fómhair 2008)
Mairead Dunlevy (fuair Mairead bás an 18 Márta 2008)
Mary O'Dowd (scoir Mary i Mí Mheán Fómhair 2008)
Anngret Simms (scoir Anngret i Mí Mheán Fómhair 2008)
Gerry Slater (scoir Gerry i Mí Feabhra 2008)

Rúnaí

Cathy Hayes

Uimhir Chláraithe na Cuideachta

414351

Uimhir Carthanais Chláraithe

CHY 17206

Oifig Chláraithe & Seoladh Gnó


45 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2, Éire

Iniúcháirí

Duignan, Carthy, O'Neill, 84 Bóthar Northumberland,
Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4

Baincéirí

Banc na hÉireann, 39 Faiche Stiabhna Thoir, Baile Átha Cliath 2



The Geometrical Elevation of the Parliament House Dublin
J. Russell del. J. G. Jones sculp.

Tuarascáil na Stiúrthóirí



Irish Manuscripts Commission
Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann

invitation

Cuireann na Stiúrthóirí a dtuarascáil agus na ráitis airgeadais i láthair don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008.

Príomhghníomhaíocht

Corpraíodh an chuideachta an 24 Eanáir 2006 agus chuathas i mbun gníomhaíochtaí an dáta céanna.

Is í príomhghníomhaíocht na cuideachta sa bhliain faoi athbhreithniú ná litríocht a fhoilsiú a chuireann eolas agus rochtain ar phríomhábhair bhunaigh chun cinn, a bhaineann le stair, oidhreacht agus cultúr na hÉireann, agus ní thiocfaidh athrú ar seo mar phríomhghníomhaíocht na cuideachta go ceann i bhfad.

Torthaí

Ba é €18,040 barrachas na bliana nuair a cuireadh dímhéas san áireamh. (2007 – €7,661).

Tá de rún ag na stiúrthóirí an barrachas seo a choimeád chun tionscadail a mhaoiniú sna blianta atá le teacht.

Staid Chúrsaí

Dar leis na stiúrthóirí go bhfuil staid chúrsaí na cuideachta sásúil agus nár tháinig aon athrú ar ábhar ó dháta an chláir chomhardaithe ar aghaidh. Tá a fhios ag stiúrthóirí Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann Teoranta ar na ceanglais reachtúla a bhaineann le hathbhreithniú cóir a sholáthar ar fhorbairt agus ar fheidhmiú na cuideachta. Tá na stiúrthóirí sásta gurb é an príomhriosca atá os comhair na cuideachta ná fáil ar chistiúchán leanúnach ón Rialtas. Thug na stiúrthóirí aghaidh ar an bpríomhriosca seo trí na cistí a fuarthas a chaitheamh go hinniúil.

Stiúrthóirí agus a Leasanna

Tá an chuideachta faoi theorainn ráthaíochta agus níl scairchaipiteal aici. Glacann gach comhalta cuideachta mar chúram air nó uirthi féin cuir le sócmhainní na cuideachta sa chás go ndéanfar í a fhoirceannadh, chomh fada agus atá sé nó sí ina c(h)omhalta nó taobh istigh de bhliain amháin ón am a n-éiríonn sé nó sí as bheith ina c(h)omhalta, chun íoc as na fiacha agus na fiachais a théann an chuideachta iontu, sula n-éiríonn sé nó sí as bheith ina c(h)omhalta, agus as na costais agus muirir fhoirceanta, agus chun cearta na ranníocóirí a choigeartú ina measc féin, suim a d'fhéadfadh a bheith riachtanach, nach mó ná euro amháin.

Beidh gach stiúrthóir i seilbh oifige ar feadh cúig bliana ar a mhéid agus beidh sé/sí incheaptha don phost arís ina dhiaidh sin.

Freagrachtaí na Stiúrthóirí

Iarrtar ar stiúrthóirí, de réir dlí cuideachtaí, ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais a thugann léargas fíorcheart ar staid chúrsaí na cuideachta agus ar bhrabús nó caillteanas na cuideachta don bhliain sin. Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú ag na stiúrthóirí, iarrtar orthu:

- beartais oiriúnacha chuntasafóchta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm ar bhealach leanúnach;

- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin sa chás go bhfuil sé mí-oiriúnach a cheapadh go leanfaidh an chuideachta i mbun gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as taifid chuntasaíochta chearta a choimeád, ina nochtar le cruinneas réasúnta, tráth ar bith, staid airgeadais na cuideachta agus a chuireann ar a gcumas dóibh cinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le hAchtanna na gCuideachtaí 1963-2006. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus, dá bhrí sin, as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Leabhair Chuntas

Is iad na bearta a rinne na stiúrthóirí chun a chinntiú go gcloítear le ceanglais Alt 202, Acht na gCuideachtaí, 2001, maidir le leabhair chuntas chearta a choimeád, ná beartais agus nósanna imeachta riachtanacha a chur i bhfeidhm chun idirbhearta a chur i gcuntas, pearsanra inniúil cuntasaíochta le saineolas cuí aige a fhostú agus acmhainní leordhóthanacha a sholáthar don fheidhm airgeadais. Coinnítear na leabhair chuntas ag 45 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.

Iníúcháirí

Léirigh na hiniúcháirí, Duignan Carthy O'Neill, Cuntasóirí Cairte, go bhfuil siad sásta leanúint ar aghaidh ina bpost de réir fhorálacha Alt 160 (2) d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

Ar son an Bhoird

James Ivan McGuire
Stiúrthóir
Dáta: 6 Márta 2009

Máire Mac Conghail
Stiúrthóir
Dáta: 6 Márta 2009

Tuarascáil na nIniúcháirí Neamhspleácha



Irish Manuscripts Commission
Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann

invitation

Rinneamar iniúchadh ar ráitis airgeadais Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann Teoranta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008 ar leathanaigh 18–24, atá comhdhéanta den Chuntas Ioncaim agus Caiteachais, Clár Comhardaithe, Ráiteas Sreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo faoi na beartais chuntasaíochta atá leagtha amach ar leathanach 21.

Déantar an tuarascáil seo le comhaltaí na cuideachta amháin, ina n-iomlán, de réir Alt 193 d'Acht na gCuideachtaí, 1990. Thugamar faoinár gcuid oibre iniúchta ionas go bhféadfaimid a chur in iúl do chomhaltaí na cuideachta na hábhair sin ar gá dúinn a chur in iúl dóibh i dtuarascáil iniúcháir agus chun na críocha sin amháin. Sa mhéid is mó a cheadaítear de réir dlí, ní ghlacaimid freagracht le héinne seachas an chuideachta agus comhaltaí na cuideachta ina n-iomlán, as ár gcuid oibre iniúchta, le haghaidh na tuarascála seo, nó as na tuairimí a chruthaíomar.

Tuarascáil na nIniúcháirí Neamhspleácha *chuig comhaltaí Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann Teoranta*

Freagrachtaí na stiúrthóirí agus na n-iniúcháirí faoi seach

Mar a chuirtear síos air ar leathanaigh 12–13, tá stiúrthóirí na cuideachta freagrach as ráitis airgeadais a ullmhú de réir dlí is infheidhme agus Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, lena n-áirítear na caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta agus arna bhfoilsiú ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.

Tá sé mar fhreagracht orainn iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais de réir ceanglas ábhartha dlíthiúil agus rialacháin agus Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (RA agus Éire).

Cuirimid ár dtuairim in iúl duit faoi cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, agus an bhfuil na ráitis airgeadais ullmhaithe i gceart de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963–2006. Cuirimid in iúl duit freisin cibé, dar linn: an raibh leabhair chuntais chearta coimeádta ag an gcuideachta; agus cibé an dtagann an t-eolas a thugtar i dTuarascáil na Stiúrthóirí leis na ráitis airgeadais. Ina theannta sin, sonraímid cibé an bhfuil an t-eolas agus na mínithe go léir atá riachtanach chun críocha ár n-iniúchta faighte againn agus cibé an dtagann clár comhardaithe na cuideachta agus a cuntas brabúis agus caillteanais leis na leabhair chuntas.

Cuirimid in iúl do na comhaltaí mura nochtar, dar linn, aon eolas a shonraítear de réir dlí maidir le luach saothair agus idirbhearta na stiúrthóirí agus, más infheidhmithe, cuirimid an t-eolas seo san áireamh inár dtuarascáil. Léimid an t-eolas eile sa Tuarascáil Bhliantúil agus breithnímid ar cibé an dtagann sé leis na ráitis iniúchta airgeadais. Ní chuimsítear san eolas eile seo ach Tuarascáil na Stiúrthóirí. Breithnímid ar na himpleachtaí dár dtuarascáil más rud é go bhfaighimid fios ar aon mhírátis shoiléire nó ar aon neamhréireachtaí soiléire ábhartha leis na ráitis airgeadais. Níl réim ag ár bhfreagrachtaí maidir le haon eolas eile.

Bunús na tuairime

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (RA agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúcháireachta. Déantar scrúdú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna agus nochtaí sna ráitis airgeadais. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnacht ar na meastacháin agus ar na breithiúnais thábhachtacha a rinne na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an n-oireann na beartais chuntasaíochta do

chúrsaí na cuideachta, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar nochtadh iad ar bhealach sásúil.

Phleanálar agus rinneamar ár n-iniúchadh sa chaoi is go bhfaighimis an t-eolas agus na mínithe go léir a mheasamar a bheith riachtanach ionas go mbeadh fianaise leordhóthanach ann a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu calaois nó neamhrialtacht nó earráid eile is cúis leis sin. I dteacht ar ár dtuairim, rinneamar meastóireacht freisin ar a shásúla agus a cuireadh eolas i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

Tuairim

Dar linn:

- go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, ar staid chúrsaí na cuideachta ag 31 Nollaig 2008 agus ar a barrachas don bhliain dar críoch sin: agus
- gur ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gceart de réir cheanglais Achtanna na gCuideachtaí, 1963-2006.

Fuaireamar an t-eolas agus na mínithe go léir a mheasaimid a bheith riachtanach chun críocha ár n-iniúchta. Dar linn go raibh leabhair chuntas chearta coimeáda ag an gcuideachta. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntas.

Dar linn, go dtagann an t-eolas a thugtar i dtuarascáil na stiúrthóirí ar leathanaigh 12–13, leis na ráitis airgeadais.

84 Bóthar Northumberland
Droichead na Dothra
Baile Átha Cliath 4
Dáta: 6 Márta 2009

Duignan Carthy O'Neill
Cuntasóirí Cairte
Iniúcháirí Cláraithe

Cuntais Iniúchta



Irish Manuscripts Commission
Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann

invitation

CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008

Leanúnacha		Oibríochtaí	
		2008	2007
	Nótaí	€	€
Ioncam–Díolacháin Leabhar	2	32,547	16,908
Dleachtanna		289	487
Cíos Seomra		–	220
Costas díolacháin tionscadail		(119,791)	(69,493)
(Easnamh) oibriúcháin		(86,955)	(51,878)
Deontas ón Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta	3	315,210	193,085
Deontas ó Cholaíste na Tríonóide, Baile Átha Cliath		1,250	–
Costais riaracháin		(92,455)	(70,583)
Costais Eagarthóireachta agus Foilseacháin		(86,535)	(37,329)
Costais oifige		(32,747)	(25,814)
Barrachas na bliana	4	17,768	7,481
Ús infhaighte agus ioncam dá shamhail		272	180
Barrachas coimeádta na bliana		18,040	7,661
Barrachas coimeádta ar tugadh ar aghaidh		42,589	34,298
Barrachas coimeádta ar tugadh anonn		60,629	42,589

Níl aon ghnóthachain nó aon chaillteanais aitheanta ann, ach amháin an brabús nó caillteanas don dá bhliain airgeadais seo thuas.

Cheadaigh an Bord na ráitis airgeadais an 6 Márta 2009 agus síníodh iad ar a shon ag

Máire Mac Conghail
Stiúrthóir

James Ivan McGuire
Stiúrthóir

CLÁR COMHARDAITHE

Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2008

		2008	2007
	Nótaí	€	€
Sócmhainní Seasta			
Sócmhainní inláimhsithe	7	15,839	18,796
Sócmhainní Reatha			
Stoic	8	34,576	28,602
Féichiúnaithe	9	42,094	4,895
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh		<u>150,572</u>	<u>239,326</u>
		227,242	272,823
Creidiúnaithe: suimeanna a bheidh dlite taobh istigh de bhliain amháin	10	<u>(27,621)</u>	<u>(94,199)</u>
Glansócmhainní Reatha		<u>199,621</u>	<u>178,624</u>
Iomlán na Sócmhainní Lúide Fiachais Reatha		<u>215,460</u>	<u>197,420</u>
Caipiteal agus Cúlchistí			
Ranníocaíocht Caipitil		154,831	154,831
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		<u>60,629</u>	<u>42,589</u>
Cistí	11	<u>215,460</u>	<u>197,420</u>

Cheadaigh an Bord na ráitis airgeadais an 6 Márta 2009 agus síníodh iad ar a shon ag:

Máire Mac Conghail
Stiúrthóir

James Ivan McGuire
Stiúrthóir

RÁITEAS SREABHADH AIRGID

Ráiteas Sreabhadh Airgid don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008.

	2008	2007
	€	€
Réiteach barrachas oibriúcháin le glan-eis-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		
Barrachas oibriúcháin	17,768	7,481
Dímheas	5,578	5,054
(Méadú) / Laghdú ar stoic	(5,974)	17,545
(Méadú) / Laghdú ar fhéichiúnaithe	(37,199)	3,410
(Laghdú) / Méadú ar chreidiúnaithe	<u>(66,578)</u>	<u>80,075</u>
Glan-(eis-sreabhadh) / insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	<u>(86,405)</u>	<u>113,565</u>
Ráiteas Sreabhadh Airgid		
Gan-(eis-sreabhadh) / insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	(86,405)	113,565
Torthaí ar infheistíochtaí agus fónamh a dhéanamh ar airgeadas	272	180
Caitechas caipitil	<u>(2,621)</u>	<u>(18,162)</u>
(Laghdú) / Méadú ar airgead tirim na bliana	<u>(88,754)</u>	<u>95,583</u>
Réiteach glansreabhadh airgid le gluaiseacht i nglanfhiach		
(Laghdú)/Méadú ar airgead tirim na bliana	(88,754)	95,583
Glanchistí ag 1 Eanáir 2008	<u>239,326</u>	<u>143,743</u>
Glanchistí ag 31 Nollaig 2008	<u>150,572</u>	<u>239,326</u>

NÓTAÍ ATÁ INA GCUID DE NA RÁITIS AIRGEADAIS

Nótaí atá ina gcuid de na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008

1. Beartais Chuntasaíochta

1.1. *Bonn ullmhúcháin*

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir caighdeán cuntasaíochta a nglactar leo go coitianta in Éirinn agus reachtanna na hÉireann a chuimsíonn Achtanna na gCuideachtaí, 1963–2006. Is iad na Caighdeáin Chuntasaíochta a nglactar leo go coitianta in Éirinn, agus ráitis airgeadais á n-ullmhú, a thugann léargas fíorcheart, ná na caighdeáin arna bhfoilsiú ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn agus arna n-eisiúint ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta.

1.2. *Ioncam*

Léiríonn ioncam an t-ioncam iomlán ar glacadh leis ó dhíolacháin leabhar a bhaineann leis an mbliain.

1.3. *Sócmhainní seasta inláimhsithe agus dímheas*

Cuirtear dímheas ar fáil ag na rátaí bliantúla seo a leanas arna ríomh chun costas gach sócmhainne, lúide luach iarmharach thar a saolré measta fhóna, a dhíscríobh de réir méid chothroim, mar seo a leanas:

Daingneáin, feistis agus ríomhairí – 20%

Déantar athbhreithniú in aghaidh na bliana ar luachanna carraeireachta na sócmhainní seasta inláimhsithe le haghaidh bearnúchán tréimhsí, má léiríonn imeachtaí nó athruithe ar chúrsaí nach bhféadfaí an luach carraeireachta a ghnóthú.

1.4. *Stoc*

Luacháiltear stoic leabhair ag a luach bhunaidh nó ag a nglanluach inréadaithe, cibé acu sin is ísle. Cé go ndíoltar an méid leabhar is mó taobh istigh de dhá bhliain ón dáta a fhoilsítear iad, tá stiúrthóirí den tuairim nach cóir a chur san áireamh i luach an stoic ach amháin na leabhair a fhoilsítear taobh istigh de dhá bhliain ó dheireadh na bliana. Rinneadh foráil i gcoinne na stoc leabhar atá fágtha mar stoic leabhar nach ndíoltar go tapa nó go bhfuil siad imithe as feidhm.

1.5. *Pinsin*

Léiríonn na costais phinsin a ghearrtar ar na ráitis airgeadais an ranníocaíocht iníoctha ag an gcuideachta i rith na bliana.

An gnáthchostas a bhaineann le pinsin scoir agus le sochair ghaolmhara a sholáthar, gearrtar é de ghnáth ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais thar shaolréanna seirbhíse na bhfostaithe, ar bhonn leanúnach céatadáin ar thuilleamh.

1.6. *Cánachas*

Ní gá don chuideachta cáin a íoc de bharr a stádais charthanachta. (Uimhir cánach carthanais: 17206)

2. Ioncam

Tagann ioncam iomlán na cuideachta don bhliain, óna príomhghníomhaíocht a thugtar faoi go hiomlán in Éirinn.

3. Deontas ón Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta

	2008	2007
	€	€
Faighte	269,274	247,498
Iarchurtha	45,936	(54,413)
	<u>315,210</u>	<u>193,085</u>

4. Barrachas na bliana

	2008	2007
	€	€
Sonraítear barrachas na bliana tar éis do na nithe seo a leanas a ghearradh air:		
Dímheas sócmhainní inláimhsithe	5,578	5,054
Airgead Oinigh an Chathaoirligh	10,500	10,500
Luach saothair na n-íniúcháirí	4,426	3,812
agus tar éis na nithe seo a chur chun sochair dó:		
Deontais ón Rialtas	<u>(315,210)</u>	<u>193,085</u>

Tá dliteanas teagmhasach ann chun deontais a fhaightear ón Rialtas a aisíoc mura n-úsáidtear an deontas chun na críocha dár cuireadh ar fáil é.

5. Fostaithe

Líon na bhfostaithe

Ba é seo a leanas meánlíon míosúil na bhfostaithe i rith na bliana:

	2008	2007
	Líon	Líon
Líon na bhfostaithe	<u>2</u>	<u>2</u>

Déantar anailís ar chostais foirne sa chuntas ioncaim agus caiteachais mar a leanas:

	2008	2007
	€	€
Tuarastail	63,699	42,660
Pinsean	5,450	1,623
Airgead Oinigh an Chathaoirligh	10,500	10,500
Costais leasa shóisialta	7,506	5,225
	<u>87,155</u>	<u>60,008</u>

6. Costais phinsin

€5,450 (2007 – €1,623) ab ea na costais phinsin.

7. Sócmhainní inláimhsithe

	Daingneáin & feistis	Iomlán
	€	€
Costas		
Ag 1 Eanáir 2008	25,272	25,272
Suimeanna breise	2,621	2,621
Ag 31 Nollaig 2008	<u>27,893</u>	<u>27,893</u>

7. Sócmhainní inláimhsithe (ar lean.)

Dímheas		
Ag 1 Eanáir 2008	6,476	6,476
Muirear na bliana	5,578	5,578
Ag 31 Nollaig 2008	12,054	12,054
Glanluachanna leabhar		
Ag 31 Nollaig 2008	15,839	15,839
Ag 31 Nollaig 2007	18,796	18,796

Corpraíodh an chuideachta an 24 Eanáir 2006 agus tugadh troscán agus trealamh eile oifige mar bhronntanas di ar luach measta €48,710 ag Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann. Aithnítear na sócmhainní seo sna suimeanna breise thuas ar luach ainmniúil €1.

8. Stoic

	2008	2007
	€	€
Earraí críochnaithe – Leabhair	34,576	28,602
	34,576	28,602

Luacháladh stoic leabhair ag a luach bhunaidh nó ag a nglanluach inréadaithe, cibé acu sin ba ísle.

9. Féichiúnaithe: suimeanna a bheidh dlite taobh istigh de bhliain amháin

	2008	2007
	€	€
Réamhíocaíochtaí agus Ioncam fabhráithe	42,094	4,895

10. Creidiúnaithe: suimeanna a bheidh dlite taobh istigh de bhliain amháin

	2008	2007
	€	€
Cánacha agus costais leasa shóisialta eile	–	715
Creidiúnaithe eile	1,783	3,910
Fabhrúithe	18,610	35,161
Ioncam Iarchurtha	7,228	54,413
	27,621	94,199

11. Réiteach gluaiseachtaí i gcistí

	2008	2007
	€	€
Barrachas na bliana	18,040	7,661
Cistí tosaigh scairshealbhóirí	197,420	189,759
	215,460	197,420

Ranníocaíocht Caipitil

Corpraíodh an chuideachta an 24 Eanáir 2006 agus tugadh airgead tirim €130,730 agus stoc leabhar €24,100 mar bhronntanas di ag Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann. Tugadh troscán agus trealamh eile oifige mar bhronntanas di freisin agus cuireadh iad seo san áireamh sna ráitis airgeadais ar luach ainmniúil €1. Is é €154,830 an ranníocaíocht iomlán caipitil.

De bharr chineál na leabhar a fhoilsítear, tá stiúrthóirí den tuairim go ndíoltar an méid leabhar is mó taobh istigh de dhá bhliain ón dáta a fhoilsítear iad. Ar an ábhar seo, dar leo, as na leabhair a tugadh don chuideachta, nach cóir a chur san áireamh sa ranníocaíocht caipitil ach amháin na leabhair a foilsíodh taobh istigh de dhá bhliain ó dheireadh na bliana. Rinneadh foráil i gcoinne na stoc leabhar atá fágtha mar stoic leabhar nach ndíoltar go tapa nó go bhfuil siad imithe as feidhm.

12. Idirbhearta páirtithe gaolmhara

Aisíofar le stiúrthóirí aon chostais a dtabhaítear agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu. Faigheann an Cathaoirleach airgead oinigh €10,500 don bhliain. Níor tharla aon idirbhearta páirtithe gaolmhara eile i rith na bliana.

D'aontaigh an chuideachta le hOifig na nOibreacha Poiblí nach mbeidh cíós iníoctha as spás oifige a úsáid.

13. Máthairghnóthas deiridh

Tá an chuideachta rialaithe ag a Comhaltaí agus ag an mBord Stiúrthóirí.

14. Ráitis airgeadais a cheadú

Cheadaigh an Bord na ráitis airgeadais an 6 Márta 2009 agus síníodh iad ar a shon ag:

Máire Mac Conghail
Stiúrthóir

James Ivan McGuire
Stiúrthóir